An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
An Cathaoirleach

9.4.2025

An tUas. Adrian-Dragoş Benea
Cathaoirleach
An Coiste um Fhorbairt Réigiúnach
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar na féidearthachtaí maidir le cistí comhtháthaithe a shimpliú (2024/2106(INI))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 21 Samhain 2024, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 9 Aibreán 2025. Ag an gcruinniú sin, chinn sé an tuairim a leagtar amach thíos a chur faoi bhráid an Choiste um Fhorbairt Réigiúnach, mar an coiste freagrach.

Is mise le meas,

Li Andersson

TUAIRIM

A. De bhrí go bhfuil ról lárnach ag an mbeartas comhtháthaithe maidir le héagothromaíochtaí sóisialta, críochacha agus eacnamaíocha a laghdú; de bhrí gur uirlisí láidre iad an beartas comhtháthaithe, Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa agus, go háirithe, Ciste Sóisialta na hEorpa+ (CSE+), don chomhtháthú idir na Ballstáit, réigiúin agus ceantair, lena n-áirítear ceantair uirbeacha agus thuaithe; de bhrí go bhfuil a n-aidhmeanna agus a gcuspóirí speisialta féin ag na beartais chomhtháthaithe éagsúla;

B. de bhrí go bhfuil sé d'aidhm ag an mbeartas comhtháthaithe Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, a Phlean Gníomhaíochta agus na príomhspriocanna maidir le fostaíocht, oiliúint agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht a bhaint amach;

C. de bhrí go dtacaíonn CSE+ le beartais na mBallstát, go gcomhlánaíonn sé iad agus go gcuireann sé luach leo chun comhionannas deiseanna, rochtain chomhionann ar an margadh saothair, dálaí oibre córa ardcháilíochta, cosaint agus cuimsiú sóisialta a áirithiú, lena ndírítear go háirithe ar an oideachas agus ar oiliúint ardcháilíochta agus uilechuimsitheach, foghlaim ar feadh an tsaoil, infheistíocht i leanaí agus daoine óga agus rochtain ar sheirbhísí bunúsacha;

D. de bhrí gurb é CSE+ an t-aon chiste de chuid an Aontais atá dírithe go príomha ar bheartais shóisialta, agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé uathúil ann féin agus go bhfuil sé thar a bheith éifeachtach agus riachtanach chun cuimsiú sóisialta a bhaint amach, in éineacht leis an mbeartas comhtháthaithe eile;

E. de bhrí go bhféadfadh rochtain ar na cistí comhtháthaithe a bheith ina hualach mór díréireach ar thairbhithe, rud atá fíor go háirithe i gcás eagraíochtaí beaga; de bhrí gur féidir tionchar dearfach a bheith ag simpliú na nósanna imeachta um iarratas ar an ualach sin a laghdú;

F. de bhrí gur chuir géarchéimeanna agus tírdhreach casta geopholaitiúil an Aontais le déanaí brú ar bhuiséad an Aontais athmhacnamh a dhéanamh ó thaobh bainistiú géarchéime agus éilimh chaiteachais mhéadaitheacha agus tosaíochtaí nua a chur chun cinn, amhail iomaíochas agus fás an Aontais; de bhrí go bhfuil ról ríthábhachtach ag an tslándáil shóisialta maidir le cobhsaíocht agus slándáil fhoriomlán na hEorpa a chothú de bhrí gur gá dúinn, dá bhrí sin, infheistíocht a dhéanamh i bpoist ardcháilíochta, dífhostaíocht i measc na hóige a chosc, i dtithíocht chuibhiúil, inbhuanaithe agus inacmhainne agus deireadh a chur leis an easpa dídine agus leis an mbochtaineacht, go háirithe bochtaineacht leanaí; de bhrí go bhfuil an baol ann go gcaillfear fócas agus cuspóirí an bheartais chomhtháthaithe mar thoradh ar shimpliú agus gur cheart é sin a sheachaint;

G. de bhrí go bhfuil úsáid bainte as na cistí comhtháthaithe go minic ina gcreat reatha chun freagairt do thionchair shóisialta géarchéimeanna, amhail paindéim COVID-19, cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus tubaistí nádúrtha a tharla le déanaí;

1. á iarraidh go mbeadh CSE+ láidir agus treisithe ann, lena n-áirítear CSE+ ar leithligh, le tacaíocht phoiblí mhéadaithe shuntasach d'ionstraimí sna Ballstáit agus é mar aidhm

leis sin soláthar do dhaoine atá i ndrochstaid agus dóibh siúd is mó atá i ngátar inár sochaithe, infheistiú i ndaoine agus i scileanna, cabhrú le daoine éalú ón mbochtaineacht agus ón eisiamh sóisialta, agus borradh a chur faoin infheistíocht shóisialta; á áitiú, dá bhrí sin, go dtiocfaidh méadú suntasach ar bhuiséad CSE+ in imchlúdach airgeadais 2028-2034 CSE+;

2. á áitiú nach mór do CSE+ leanúint de bheith ina phríomhionstraim chun tacú leis na Ballstáit, na réigiúin, na pobail áitiúla agus na daoine chun gné shóisialta an Aontais a neartú agus chun forbairt shocheacnamaíoch a shaothrú nach bhfágann aon duine chun deiridh;

3. á chur i bhfáth nach mór don bheartas comhtháthaithe aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta amhail an digitiú agus iarmhairtí an athraithe aeráide, rannchuidiú leo agus dul in oiriúint dóibh, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar dhúshláin shóisialta amhail an costas maireachtála agus pá nach méadaíonn ar an luas céanna, lena ndéantar athléimneacht shóisialta a chur chun cinn, neamhionannais a laghdú agus na daoine is leochailí a chosaint; á áitiú gur cheart do CSE+ infheistíocht agus fás fadtéarmach a spreagadh, ina ndírítear ar chomhtháthú sóisialta agus críochach, agus tacaíocht á tabhairt do chlaochlú struchtúrach ar fud an Aontais agus cóineasú idir na Ballstáit a fheabhsú;

4. á áitiú nach mór do CSE+ leanúint de chóineasú sóisialta aníos a fheabhsú, go háirithe do na daoine is díothaí, agus infheistiú i gcaipiteal daonna, i bhfostaíocht, i bhforbairt scileanna agus i gcuimsiú sóisialta, agus borradh á chur faoin bhfiontraíocht agus faoin nuálaíocht shóisialta, tacú freisin le FBManna infheistiú i leanaí, aghaidh a thabhairt ar an aistriú digiteach agus ar an aistriú glas, ar dhúshláin dhéimeagrafacha agus ar réigiúin atá buailte ag géarchéimeanna;

5. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ag an mbeartas Comhtháthaithe agus ag CSE+ maidir le tacú le scileanna agus oiliúint lenar féidir poist nó athoiliúint agus uas-sciliú a éascú i bhfianaise na n-aistrithe glasa agus na n-aistrithe digiteacha; á mheabhrú gur féidir le hinfheistíochtaí tráthúla in athsciliú agus uas-sciliú oibrithe atá i mbaol a bpost a chailleadh iad a thabhairt slán ó bhaol na bochtaineachta;

6. á athdhearbhú go bhfuil an beartas comhtháthaithe ann dóibh siúd is mó a bhfuil gá acu leis, amhail leanaí agus mná atá faoi bhochtaineacht, an óige, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas, oibrithe bochta, daoine gan dídean agus imircigh;

7. á chur i bhfáth nach mór do gach tionscadal a chistítear faoin mBeartas Comhtháthaithe Treoir (AE) 2022/2041 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach a chomhlíonadh go hiomlán chun dálaí oibre cuibhiúla a ráthú agus chun dumpáil pá a chosc;

8. á iarraidh go ndéanfaí bearta sonracha laistigh den Bheartas Comhtháthaithe chun cearta oibrithe taistil a choimirciú, lena n-áirítear oibrithe trasteorann agus séasúracha, lena n-áiritheofaí dálaí oibre cothroma, cumhdach slándála sóisialta, agus cosaint ar dhúshaothrú, go háirithe in earnálacha atá ag brath go mór ar oibrithe sealadacha agus imirceacha;

9. á áitiú nár cheart go rannchuideodh forbairt thionscadail an Chiste Chomhtháthaithe le

hiomadú na fostaíochta forbhásaí nó cineálacha neamhchaighdeánacha oibre a bhaineann an bonn ó chearta oibrithe agus ó shlándáil fhadtéarmach post;

10. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ríthábhachtach ag gníomhaithe an gheilleagair shóisialta i gcruthú post agus sa chuimsiú sóisialta, go háirithe i réigiúin dhíothacha; ag tabhairt dá haire go n-oibríonn beagnach 14 mhilliún duine sa gheilleagar sóisialta agus san earnáil neamhbhrabúis san Eoraip, ar cheart tuilleadh tacaíochta a thabhairt dóibh trí na Cistí Comhtháthaithe chun fostaíocht inbhuanaithe agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn; á chur i bhfáth go n-oibríonn fiontair an gheilleagair shóisialta i ndlúthchomhar leis na húdaráis áitiúla, lena n-éascaítear agus lena simplítear cur chun feidhme tionscadal comhtháthaithe, lena n-áirithítear go sroichfidh an cistiú na daoine is mó a bhfuil gá acu leis ar bhealach éifeachtúil;

11. á mheabhrú go raibh 24.8 % de leanaí an Aontais i mbochtaineacht nó i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta in 2023, agus go bhfuil ráta bochtaineachta leanaí ag dul i méid arís agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di go rachaidh sé in olcas tuilleadh sna blianta amach romhainn; á mheabhrú go bhfuil ról ag CSE+ maidir le tacú leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí agus leis an gcomhrac i gcoinne na bochtaineachta leanaí, chomh maith le cistí comhtháthaithe eile, agus go bhfuil sineirgí, dá bhrí sin, ríthábhachtach, chomh maith le bheith ina méadú tábhachtach ar chistiú;

12. ag cur béim ar an bhfíoras gur léir anois gur minic a bhíonn ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo agus rialacha casta nó neamhéifeachtacha ag gabháil le cur chun feidhme na gcistí comhtháthaithe, lena n-áirítear CSE+, agus á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún a mheas an bhféadfaí na próisis iarratais a dhéanamh níos inrochtana;

13. ag tabhairt rabhaidh nár cheart go mbeadh caillteanas fócais agus cuspóirí na mbeartas comhtháthaithe mar thoradh ar shimpliú féideartha na gcistí comhtháthaithe; á chur i bhfios go láidir ina leith sin gurb é CSE+ an t-aon chiste de chuid an Aontais atá dírithe go príomha ar bheartais shóisialta, agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé uathúil ann féin agus go bhfuil sé thar a bheith éifeachtach agus riachtanach chun cuimsiú sóisialta a bhaint amach; á chur i bhfios gur rómhinic is féidir le athbhreithnithe a dhéantar ar chuspóirí agus rialachas an bheartais comhtháthaithe castachtaí agus éiginnteacht a chruthú do thairbhithe;

14. á athdhearbhú gur beartas infheistíochta fadtéarmach inbhuanaithe é an beartas Comhtháthaithe atá nasctha go docht le cur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a Phlean Gníomhaíochta; ag cur, dá bhrí sin, i gcoinne aon chlaontacht an beartas Comhtháthaithe a athdhearadh mar bheartas ‘uileghabhálach’;

15. á mheabhrú nár cheart don simpliú an bonn a bhaint ó phrionsabail an dea-riaracháin, an tsoláthair phoiblí agus an rialaithe airgeadais agus forfheidhmiú coinníollachtaí sóisialta agus an smachta reachta á n-áirithiú ag an am céanna;

16. á chur i bhfios go bhfuil sí den tuairim go bhfuil beartas láidir Comhtháthaithe bunaithe ar phrionsabal na comhpháirtíochta éifeachtaí agus atá saincheaptha do riachtanais agus do dhúshláin gach réigiúin, ar an ionstraim is fearr i gcónaí chun éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú agus chun cabhrú le cóineasú eacnamaíoch agus sóisialta aníos; á mheabhrú nach mór ról lárnach a bheith ag na réigiúin chun a áirithiú, trí chóras rialachais il-leibhéil, go mbíonn dlúthbhaint ag na críocha agus ag na daoine leis an

gclársceidealú; á athdhearbhú, dá bhrí sin, gur gá foráil a dhéanamh go ndéanfar cistí an bheartais chomhtháthaithe a leithdháileadh den chuid is mó ar chur chun feidhme na gclár réigiúnach a tharraingítear suas, atá faoi úinéireacht agus atá á mbainistiú go díreach ag na réigiúin;

17. ag tacú le cur chuige áitbhunaithe agus duinelárnach i leith an bheartais comhtháthaithe, lena n-áirithítear go sroichfidh cistiú chun tacú le fostaíocht agus cuimsiú sóisialta na réigiúin agus na pobail is géire a bhfuil an cistiú ag teastáil uathu go héifeachtach; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá infheistíocht chríochach chomhtháite agus forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail chun aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí fostaíochta ar fud críocha éagsúla;

18. ag cur sonrú sna héagothromaíochtaí suntasacha atá sa nascacht dhigiteach, i scileanna TF, in acmhainneachtaí riaracháin, agus sna hacmhainní atá ar fáil ar fud réigiúin an Aontais; á iarraidh go gcuirfí an t-aistriú digiteach chun cinn agus á chur i bhfios go láidir go rachadh simpliú na bpróiseas iarratais agus na rochtana ar Chistí Comhtháthaithe chun tairbhe go háirithe do réigiúin bheagfhorbartha agus go n-áiritheofaí úsáid níos éifeachtúla na gcistí;

19. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) rannpháirteach agus go gcuirfear faisnéis ar fáil dóibh agus go rachfar i gcomhairle leo i gcéimeanna deartha, cur chun feidhme, faireacháin agus meastóireachta na gCistí Comhtháthaithe;

20. á chur i bhfios go láidir gurb iad pobail áitiúla tairbhithe díreacha CSE+, agus gur réamhchoinníoll é go mbeidh geallsealbhóirí réigiúnacha agus áitiúla rannpháirteach go díreach i múnlú an bheartais chomhtháthaithe;

21. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí prionsabail na bainistíochta comhroinnte, cuspóirí soiléire agus comhchruinnithe téamacha a choimeád, agus gur cheart an chuid is mó den chiste a chaitheamh chomh gar agus is féidir dóibh siúd a úsáideann an ciste i ndlúthchomhar le húdaráis agus le heagraíochtaí áitiúla agus réigiúnacha;

22. á chur i bhfios go láidir nach mór don bheartas Comhtháthaithe leanúint de bheith ina bheartas fadtéarmach, bunaithe ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 174 agus 175 CFAE; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur minic a úsáidtear beartas comhtháthaithe an Aontais, lena n-áirítear mar a fhoráiltear dó le CSE+, mar uirlis phráinnfhreagartha agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil baol sa chur chuige sin do chuspóirí beartais agus infheistíochta níos fadtéarmaí an bheartais chomhtháthaithe agus go bhfuil baol ann nach féidir leis na daoine, ar dóibh atá an beartas Comhtháthaithe ceaptha, leas a bhaint as go leordhóthanach;

23. á áitiú nach mór cruthú post agus cuimsiú sóisialta a bheith ina dtosaíochtaí i gcónaí, lena n-áirithítear go mbaineann gach réigiún, go háirithe iad siúd a bhfuil aistrithe rompu, tairbhe as deiseanna na gcistí comhtháthaithe;

24. á iarraidh ar an gCoimisiún leithdháileadh buiséid an bheartais chomhtháthaithe a chosaint ionas gur féidir é a úsáid le haghaidh a phríomhchuspóirí agus a thairbhithe agus ionstraim cúlchiste airgeadais a mholadh ina gcumasaítear don Aontas freagairt go

mear agus ar shlí sholúbtha d'éigeandálaí sóisialta agus do ghéarchéimeanna, lena gcomhlánaítear CSE+ agus cistí comhtháthaithe eile, bíodh sé bunaithe ar an rath atá ar an 'Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE)', nó bíodh sé ina scéim athárachais dífhostaíochta de chuid an Aontais, atá ceaptha lena shlógadh chun damáiste a tharla de dheasca tubaistí nádúrtha nó éigeandálaí sláinte poiblí a dheisiú; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, a chistiú leordhóthanach a áirithiú i bhfianaise na rioscaí méadaithe sna réimsí sin;

25. á iarraidh, leis na rialacha lena rialaítear an beartas comhtháthaithe, nach lamhálfaí d'airgead poiblí a leithdháileadh ach ar na fostóirí agus na heagraíochtaí sin a urramaíonn cearta oibrithe agus na rialacha is infheidhme maidir le dálaí oibre; á iarraidh, thairis sin, go mbeadh coinníollachtaí sóisialta níos éifeachtaí ann i rialacha maidir le soláthar poiblí agus lamháltais.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an rapóirtéir, faoina freagracht eisiach, nach bhfuair sí aon ionchur ó eintiteas ná ó dhuine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.